Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Modúl Ceoil na hIdirbhliana

| CÉN FÁTH a bhfuilimid ag dul ann? | CÉ atá ag teacht? | CÉN ÁIT ar mhaith linn dul? | CONAS is féidir linn dul ann? | CAD É a d'fhoghlaim an foghlaimeoir? |
|---|---|---|---|---|
| Ráiteas an Chláir Idirbhliana | An Foghlaimeoir | An Fhoghlaim | Oideolaíocht | Measúnú |

| | |
|---|---|
| **Teideal** | ***Ceol an/na…*** |
| **Réasúnaíocht** | Féachtar tríd an gcuraclam (agus an measúnú) thar gach céim d'oideachas an duine óig in Éirinn le go mbeadh scoláirí ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha ar feadh an tsaoil atá spreagtha agus muiníneach, a bhfuil meas acu ar an bhfoghlaim agus a bhfuil tuiscint acu ar an gcaoi is fearr a mbíonn siad féin ag foghlaim. Cuireann an Idirbhliain go leor deiseanna ar fáil do scoláirí an tuiscint agus an fheasacht sin ar chumhacht a ngníomhaireachta féin sa phróiseas foghlama a fhorbairt tuilleadh agus ar an gcaoi a bhféadfadh sí tacú leo agus iad ag bogadh isteach sa 5ú agus sa 6ú bliain agus uaidh sin amach.<br><br>Tá sé mar aidhm ag an modúl Ceoil seo na hIdirbhliana an neamhspleáchas agus an spreagadh foghlama sin a fhorbairt, deiseanna a thabhairt do scoláirí a gcuid féin den fhreagracht a ghlacadh as 'cúis', 'ábhar' agus 'modh' a gcuid foghlama trí thacú lena ngníomhaireacht dul i ngleic le ceol trí théamaí agus ghníomhaíochtaí oideolaíocha éagsúla dá rogha féin.<br><br>Tá go leor róil thábhachtacha ag an gceol ar fud an domhain. Cuimsíonn sé gach rud ó bheith ina léiriú cultúrtha, modh chun mothúcháin a chur in iúl agus a mhealladh, gléas scéalaíochta, uirlis de chuid an tionscail tomhaltóra, modh chun daoine a aontú, a spreagadh, cumarsáid a dhéanamh leo agus tuilleadh fós. Trí dhul i ngleic leis an modúl seo, forbróidh na scoláirí tuiscint ar na bealaí ina bhfuil an ceol fite fuaite le heispéireas an duine agus cuirfidh sé lena dtuiscint ar chumhacht a ngníomhaireachta féin mar cheoltóirí agus mar dhaoine cruthaitheacha. |
| Cén fáth?<br><br>**Aidhm** | Tacóidh an modúl seo le scoláirí a bheith níos spreagtha chun foghlaim faoin gceol i gcomhthéacsanna éagsúla san fhíorshaol agus tabharfaidh sé deis do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar a réimsí pearsanta ceoil féin.<br><br>Cruthóidh sé am agus spás do scoláirí cur lena gcumas chun ceol a fhoghlaim go neamhspleách agus go féinrialaithe trí spriocanna a leagan síos, réimse straitéisí foghlama a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar aiseolas ina n-aonar agus i gcomhar. |
| **Comhthéacs** | 23 Scoláire san iomlán<br><br>11 le Ceol SS lena n-áirítear<br>- Déanann 4 staidéar ar an gceol lasmuigh den scoil (5 bliana rac/pop ar an ngiotár, agus ar an bhfliúit grad 4)<br>- 3 gafa le Leibhéal 2<br>- 2 le disléicse, 1 scoláire uathach (goilleann torann air)<br>12 nár ghlac páirt i gCeol SS lena n-áirítear<br>- 6 a dhéanann staidéar ar an gceol lasmuigh den scoil (giotár clasaiceach grad 5, piano grad 4, veidhlín grad 7)<br>- 1 le dioscalcúile, 1 scoláire uathach<br>- 2 a bhog go hÉirinn le déanaí (1 as Vítneam, 1 as an Úcráin)<br><br>Cé? |
| **Am** | Roinntear an modúl 10 seachtaine ina 10 gceachtanna x 1 uair an chloig |

cc BY NC

# Ceol na hIdirbhliana ar leanúint

Oide

## Cén áit?

**Níl na torthaí foghlama seo saintreorach ná uileghabhálach. Chun críocha an mhodúil Cheoil seo Oide, tá 13 thoradh foghlama ann. Agus tú ag dearadh do thorthaí foghlama féin do do mhodúl, d'fhéadfá 3–6 thoradh foghlama a chur isteach*

### Torthaí Foghlama

**Baineann an fhoghlaim seo le…**

éisteacht, cumadóireacht, casadh, freagairt, taighde, comparáid a dhéanamh, litearthacht an cheoil, straitéisí foghlama neamhspleácha, comhoibriú, machnamh, teicneolaíochtaí foghlama digiteacha a úsáid

**Nuair a bheidh an modúl seo críochnaithe, ba chóir go mbeadh scoláirí in ann…**

- smaointe ceoil a chruthú mar fhreagairt ar spreagadh
- smaointe cruthaitheacha a chleachtadh, a léiriú agus a chur in iúl go soiléir agus go muiníneach
- léamh, léirmhíniú agus seinm ó léirithe siombalacha fuaimeanna
- straitéisí foghlama a aithint agus a achtú a chumasaíonn iad mar fhoghlaimeoirí ceoil
- leas a bhaint as scil an taighde chun faisnéis, ábhair agus acmhainní a aimsiú
- a léiriú go bhfuil ar a gcumas tascanna a phleanáil agus a chur i gcrích go neamhspleách
- comhoibriú le daoine eile chun scileanna éisteachta, cumadóireachta agus casaidh a fhorbairt
- a scileanna éisteachta a fhorbairt trí chomparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil, léamh scóranna, éisteacht ghníomhach agus taighde
- tuiscint a léiriú ar ghnéithe ceoil agus ar a ról agus a n-éifeacht sa cheol
- teicneolaíochtaí foghlama digiteacha a úsáid chun tacú le foghlaim an cheoil ina measc
- a gcuid ábhair spéise ceoil a chur in iúl trí staidéar a dhéanamh ar cheol a mbaineann siad taitneamh as agus a gcuireann siad suim ann
- spriocanna a leagan síos, a chruthú agus a bheachtú chun go gcuirfear a gcuid foghlaim cheoil chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma
- páirt a ghlacadh i bhfoghlaim agus i straitéisí foghlama atá nua agus lasmuigh dá réimsí spéise agus compoird agus machnamh a dhéanamh ar luach na n-eispéireas sin

### Gnéithe Scoláire

**A bheith i d'Fhoghlaimeoir**

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile

**Fás Pearsanta**

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bhealach níos comhbháiche, san fhíorshaol agus ar líne araon

**Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail**

- Níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit an duine agus ilchineálacht
- A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne
- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha
- Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda

**Taighde Ghairme**

- A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus deiseanna gairme
- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh
- Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta

CC BY NC

# Ceol na hIdirbhliana ar leanúint

Oide

**Conas?**

**Eispéiris Foghlama**

Don mhodúl 10 seachtaine seo, roghnaíonn na scoláirí ó rogha na dtéamaí a tógadh ón tSraith 'Ceol an / na…':

- Ceol an Athraithe
- Ceol an Spóirt
- Ceol na hEachtraíochta
- Ceol an Domhain
- Ceol na hÉireann
- Ceol an Bhia

**Ceacht 1** beidh sé seo ina imscrúdú ar réamhfhoghlaim an cheoil i measc na scoláirí trí rannpháirtíocht le heispéiris foghlama éagsúla agus an oiread róil éagsúla is féidir a bheith ag an gceol inár saol. Breithneoidh an scoláire conas a fhoghlaimíonn siad agus na bealaí a dtiocfadh leo a bhfoghlaim cheoil agus scil na foghlama neamhspleáiche a fhorbairt.

**Ceachtanna 2-9** dearfar iad seo le meascán de straitéisí foghlama ar fud an mhodúil. Ar thrí cinn acu áirítear…

### Foghlaim Ghrúpa

Oibreoidh agus foghlaimeoidh scoláirí le chéile chun a scileanna taighde, éisteachta, cumadóireachta agus casaidh a fhorbairt trí ghuthanna, uirlisí ranga agus Teicneolaíochtaí Foghlama Digiteacha dá rogha féin a úsáid.

### Foghlaim Neamhspleách

Roghnóidh scoláirí téama agus fiosróidh siad é go neamhspleách ag tarraingt ar a gcuid foghlama go dtí seo. Cabhrófar lena gcuid foghlama le sraith eispéireas, acmhainní agus nasc chun tacú tuilleadh lena dtéama roghnaithe. Déanfaidh siad machnamh rialta ar a gcuid foghlama, ag cur san áireamh na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a oibríonn dóibh agus ar an gcaoi a bhfuil scil na foghlama neamhspleáiche ag forbairt iontu.

### Comhroinnt Foghlama

Roinnfidh na scoláirí a gcuid foghlama go rialta. B'fhéidir gur míniú nó léiriú gairid é seo ar fhoghlaim nua, cur síos ar phlean do thionscadal, léiriú nó athsheinm de shliocht gairid as píosa ceoil atá á chleachtadh nó á chumadh. Ag deireadh an mhodúil, déanfaidh na scoláirí taibhiú, cumadóireacht nó cur i láthair don rang a léiríonn a gcuid foghlama le linn an mhodúil.

**Ceacht 10** Críochnóidh gach modúl le cleachtadh féinmhachnaimh, piarmhachnaimh agus machnamh ranga deiridh, agus ceiliúradh ranga agus taispeántas den fhoghlaim. Féach **Measúnú Suimitheach** ar Leathanach 4.

## Eispéiris foghlama fhéideartha a thiocfaí a bhreithniú…

- tascanna taibhithe grúpa a fhiosraíonn rithim, séis, armóin agus gnéithe ceoil eile
- plé grúpa agus bileoga oibre a fhiosraíonn réamhfhoghlaim
- éisteacht le píosaí ceoil agus iad a cheangal le gnéithe de théama roghnaithe m.sh., spórt, ceist ceartas sóisialta, mothúchán, áit
- píosaí ceoil a bhaineann le téama roghnaithe a chleachtadh agus a sheinm
- píosaí ábhartha ceoil a roinnt óna dtaithí féin agus na píosaí sin a anailísiú agus a phlé
- gnéithe ceoil a iniúchadh agus na gnéithe sin sa cheol a bhfuil staidéar a dhéanamh air a aithint
- meastóireacht a dhéanamh ar an gcúis a bhféadfadh gnéithe áirithe ceoil cabhrú le bonn a chur faoi theachtaireacht, giúmar a chruthú, scéal a léiriú
- tascanna a chumadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí foghlama digiteacha amhail bogearraí nodaireachta nó fuaimstáisiúin oibre dhigiteacha
- comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil agus léirithe éagsúla den phíosa ceoil céanna
- sraith gluaiseachtaí a chruthú le gabháil le píosa ceoil
- píosa ceoil a chumadh le cuspóir, comhthéacs nó meon ar leith a bhaineann le téama roghnaithe
- liricí atá ar iarraidh a líonadh agus anailís a dhéanamh ar bhrí na liricí
- leagan IS d'ealaíontóir nó de phearsa a chur faoi agallamh a bhaineann leis an téama roghnaithe
- taighde a dhéanamh ar chomhthéacs, brí nó eolas eile faoi phíosa ceoil nó faoi thopaic a bhaineann le téama
- véarsaí, barraí nó páirteanna nua a chur le píosa ceoil atá ann cheana féin
- triail a bhaint as éifeachtaí próiseála ag baint úsáid as fuaimstáisiúin oibre dhigiteacha
- téamaí agus píosaí ceoil a iniúchadh agus roghanna a dhéanamh faoin rud ar cheart tabhairt faoi
- tascanna machnaimh a dhéanamh lena mbaineann socrú spriocanna, pleanáil, roghnú ó liosta de ghníomhaíochtaí foghlama féideartha agus meastóireacht a dhéanamh ar na straitéisí foghlama sin
- tascanna a dhearadh agus a phleanáil go comhoibríoch chun fianaise a thabhairt don mhúinteoir agus do phiaraí
- tascanna smaointeoireacht chriticiúil ina ndéanann an scoláire measúnú ar fhaisnéis a bhailítear trí thaighde

CC BY NC

<table>
<tr><td>Cad é?<br><br>Measúnú<br><br>Fianaise a thabhairt ar an bhFoghlaim</td><td>Punann Cheoil: Roinnfear gach punann scoláire leis an múinteoir ceoil. Tabharfaidh an phunann seo deis do scoláirí…<br>• a gcuid foghlama a ghabháil<br>• spriocanna atá acu a roinnt agus an dóigh a mbainfidh siad na spriocanna sin amach<br>• ábhair agus achmainní a eagrú<br>• machnamh a dhéanamh ar na próisis chruthaitheacha agus chriticiúla acu<br>• a gcuid éachtaí foghlama a thaispeáint agus a cheiliúradh<br>• machnamh a dhéanamh ar fhorbairt a gcuid foghlama<br><br>D’fhéadfadh réimse leathan foghlama a bheith i gceist leis an bpunann seo, mar shampla, tionscadal ceoil, taifeadtaí fuaime, comhaid xml, nodaireacht, pictiúir de lámhscríbhinní, scóir, iris athmhachnaimh, piarmheasúmú agus féinmheasúnú, taifid feidhmíocht phraiticiúil, ceolchoirmeacha ar freastalaíodh orthu, léirmheasanna ar ghigeanna, podchraoltaí, srl. Éascóidh an phunann seo comhráite aiseolais idir an múinteoir agus an scoláire trí nótaí clóscríofa nó nótaí gutha taifeadta.<br><br>Aiseolas: Tacaítear leis an bhfoghlaim trí chomhráite struchtúrtha rialta sa rang go díreach nó trí mhodhanna digiteacha agus tugtar an t-am cuí do scoláirí chun athbhreithniú agus gníomhú ar aiseolas ó mhúinteoirí agus dul i mbun piarmheasúnaithe.<br><br>Measúnú Leanúnach: Ba chóir go mbeadh sé seo mar bhonn eolais do gach foghlaim. Mar a thuairiscítear sa rannán Eispéiris Foghlama ar lch. 3, tabharfar cuireadh do scoláirí a gcuid foghlama a roinnt le linn na gceachtanna ach go comhsheasmhach ag deireadh gach ceachta. Agus aitheantas á thabairt do nádúr na hIdirbhliana, tacaíonn gabháil seo na foghlama ag deireadh gach ceachta leis na scoláirí sin nach mbeidh in ann freastal ar cheachtanna uile an mhodúil.<br><br>Measúnú Suimitheach: Cé go bhfuil fócas an mhodúil seo ar an meansúnú foirmitheach, táthar ag súil go ndéanfaidh na scoláirí tasc deiridh a dhearadh agus a chur i gcrích chun a gcuid foghlama ar fad ar an gceol a thaispeáint agus a léiriú sa mhodúl seo. Cuirfidh an múinteoir treoir ar fáil agus iad ag tacú leis na scoláirí a gcuid tascanna a chur i gcrích. D’fhéadfadh an tasc seo a bheith ina léiriú ceoil, athsheinm ar phíosa, léiriú ar scil m.sh., teicneolaíocht an cheoil a úsáid, cur i láthair faoin gceol a ndearna said staidéar air nó gníomhaíocht foghlama do phiaraí do phiaraí de dul ina cheann.<br><br>D’fhéadfadh ceiliúradh agus sárthaispeaántas den fhoghlaim sin tarlú ag Ceolchoirm na hIdirbhliana ag deireadh na bliana a bhíonn ar siúl i mí na Bealtaine gach bliain.</td></tr>
<tr><td>Acmhainní</td><td>• Ceol an / na… Éispéiris Foghlama Oide<br>• Fuaimstáisiúin Oibre Dhigiteacha agus Bogearraí Nodaireachta<br>• Foinsí eolais cuí ar líne<br>• Aipeanna agus suíomhanna gréasáin idirghníomhacha chun tacú le foghlaim an cheoil<br>• Timpeallacht Fhíorúil Foghlama<br>• Bogearraí Próiseála Focal agus Cur i Láthair<br>• Humy.ai Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama<br>• Tacaíochtaí eile a aimsíonn na scoláirí iad féin</td></tr>
</table>

cc BY NC